

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0188 (NLE)

10270/26
ADD 1

VISA 60
MIGR 155
RELEX 795
COAFR 176
COMIX 133

CH
IS
LI
NO

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an tSomáil - Ráiteas ón Iodáil

Ráiteas ó Phoblacht na hIodáile maidir le mír I-84

(Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le deireadh a chur le bearta sriantacha i ndáil le víosaí i gcoinne na Somáile)

Cruinniú Coreper II an 24 Meitheamh 2026

Maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bheartaítear a ghlacadh maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) 810/2009 (Cód Víosaí) a chur ar fionraí i ndáil leis an tSomáil, mar a leagtar amach in 10270/26 agus 10268/26 é, ba mhaith leis an Iodáil na breithnithe seo a leanas a chur in iúl.

Ní chaitheann an Iodáil amhras ar thábhacht ná ar éifeachtacht straitéiseach an tsásra faoi Airteagal 25a den Chód Víosaí mar uirlis ghíarála. Is príomhionstraim i gcónaí é chun comhar níos láidre ó thríú tíortha nach leor a rannpháirtíocht ná a gcomhar i réimse an athligin isteach a dhreasú agus a chur chun cinn.

Mar sin féin, ní mheasann an Iodáil gurb iomchuí an ionstraim seo maidir leis an tSomáil a ghníomhachtú ag an gcéim seo, agus staonfaidh sí ón vótáil dá réir.

Is riléir i bhfianaise gach ar thit amach le déanaí go bhfuil údarais na Somáile sásta dul i mbun rannpháirtíochta. Ina Nóta Briathartha dar dáta an 20 Meitheamh 2026, chuir an tSomáil in iúl go raibh sé ar intinn aici deireadh a chur, le héifeacht ón 1 Iúil 2026, leis an bhfionraí i leith filleadh neamhdheonach atá i bhfeidhm ó 2021, agus thug sí gealltanais maidir le creat comhair struchtúrtha, lena n-áirítear spriocanna insoláthartha intomhaiste maidir le doiciméid taistil éigeandála, próiseáil líon na gcásanna, an bainistiú agus an tuairisciú cásanna, chomh maith le húdaráis inniúil aonair a ainmniú agus rannpháirtíocht iomlán sa tríú hidirphlé teicniúil atá ar na bacáin.

Léiríonn na céimeanna sin aistriú i dtreo comhar oibríochtúil, agus ní mór sin a chaomhnú agus a spreagadh. Os a choinne sin, dá ndéanfaí bearta sriantacha a ghníomhachtú, bhainfí an bonn den mhóiminteam dearfach agus rachfadh an plé chun gangaide.

Mar a luadh cheana ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 4 Meitheamh 2026, ba cheart tús áite a thabhairt, ag an gcéim seo, do rannpháirtíocht na Somáile a chomhdhlúthú trí chur chuige cuimsitheach calabraithe atá dírithe ar chosc, ar fhothú acmhainneachta agus ar chomhpháirtíocht. Ag an am céanna, is rithábhachtach i gcónaí iad an rannpháirtíocht fheabhsaithe réigiúnach agus taidhleoireachta, agus is rithábhachtach an rud é freisin na bealaí dlíthiúla a chur chun cinn, chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna imirce ar bhealach níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe.

Ar an mbonn sin, agus i bhfianaise an mhéid thuas, tá an Iodáil suite de i gcónaí gur cheart glacadh na bearta sriantach i ndáil leis an tSomáil a chur siar. Dá dtabharfaí tréimhse theoranta chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na ngealltanais a tugadh le déanaí, bheadh an tAontas in ann an rannpháirtíocht dhearfach leanúnach a chomhdhlúthú, agus a ghíaráil iomlán chun gníomhú á caomhnú ag an am céanna, i gcás nach ndéanfaí dul chun cinn nithiúil.